

NUACHTLITIR EALAÍN NA GAELTACHTA



Fáilte chuig Nuachtlitir míosúil Ealaín na Gaeltachta

Tá foireann Ealaín na Gaeltachta ag súil go mór le bheith gnóthach, gníomhach arís i mbliana i gcomhar le healaíontóirí agus pobal na Gaeltachta.

- Tá lúchair orainn **Scéimeanna Ealaín na Gaeltachta do 2020** a fhógairt anois. Tá iarratais a lorg againn do Scéim Cothú, Scéim na bhFéilte Ealaíona, Scéim Forbartha na nEalaíon agus Scéim Síol.
- Beidh thuilleadh deiseanna a chur ar fáil do mhuintir óga na Gaeltachta tríd an **Chlár sna hEalaíona Dúchasacha don Óige**. Beidh ranganna a sholathar, scéimeanna úra a fhógairt sna míonna amach romhainn agus beidh deiseanna oiliúint ar fáil.
- **Gaillimh 2020:** I measc na tograí agus imeachtaí iontacha le linn na bliana, beidh togra Ealaín na Gaeltachta féin do Ghailimh 2020; '**Óró...**' togra mór ealaíona ildánach ina mbeidh ealaíontóirí Gaeltachta agus ón Eoraip páirteach. Tá áthas ar Ealaín na Gaeltachta go bhfuil an léiritheoir Darach Mac Con Iomaire fostaithe linn leis an togra uailmhianach seo a fhorbairt do Mheán Fómhair 2020.
- **Comhdháil Drámaíochta:** Ag tógáil ón Straitéis do na healaíona teangabhunaithe, tá sé beartaithe ag Ealaín na Gaeltachta i gcomhar lenár bpáirtithe; comhdháil drámaíochta a reáchtáil san Earrach.

Na hIonaid

An tIonad Cultúrtha, Baile Mhúirne

Tá Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loinsigh ag soláthair cláracha ealaíne don aos óg agus do phobal cheantar Mhúscaí.

Tuilleadh eolais ar fáil ar an suíomh www.ionadculturtha.ie



Áras Inis Ghluairé, Béal an Mhuirthead

Clár imeachtaí le fáil ar an suíomh

InterFace

Clár Cónaitheach d'ealaíontóirí sa nGleann Eidhneach i gConamara.

Áras Éanna, Inis Oírr



Is é Aras Éanna an tIonad Ealaíon is faide siar san Eoraip atá suite ar Oileán Inis Oírr.

Amharclann Ghaoth Dobhair



14/02/2020 @ 20:00

Mná Shlí an Atlantaigh Fhiain. Beidh an t-airgead uilig ag dul chun sochar do Ospís Dhún na nGall. Ticeidí €15/€12

An Gailearaí, Gaoth Dobhair



'Ceol ón Cheo Taispeántas' spreagtha ag ceol agus ceoltóirí Dhún na nGall le Barry Kerr. 'Sna laetha sin dhéanfadh na seancheoltóirí ceol as achan rud. Dhéanfadh siad ceol as fuaim na farraige nó rachadh siad go taobh na habhann agus thógfadh siad ceol as sin. Dhéanfadh siad ceol as seilg an chú agus an ghiorria. Dhéanfadh siad ceol as rud ar bith.' John Doherty

Imeachtaí & Fograí

Scoil Cheoil an Earraigh

19-23 Feabhra 2020

Féile ceoil thraidisiúnta i mBaile an Fheirtéaraigh, ina mbíonn ceardlanna ceoil agus amhránaíochta, ceolchoirmeacha, léachtanna, seisiúin, siúlóidí, ciorcail comhrá, agus go leor leor eile. Maireann imeachtaí Scoil Cheoil an Earraigh thar tréimhse 5 lá agus tugtar aird ar leith do cheol, amhráin agus stíl Chorca Dhuibhne.

Tagann ceoltóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta le chéile le ceolchoirmeacha a chuir ar fáil, bíonn foghlaimeoirí agus a gcairde ó gach cearn don tír agus níos faide ó bhaile i láthair. Bígí ann!

Clár iomlán anseo: <http://scoilgheimhridh.com/>




Cogar a Bhéal Átha!

Beidh roinnt saothar ón togra Cogar, faoi stiúir an t-ealaíontóir Áine Ní Chíobháin, ag taisteal ó Chorca Dhuibhne go Bhéal Átha i gContae Mhaigh Eo mar chuid do Other

Voices ar an 28/29 Feabhra. Is tionscnamh ealaíne agus sraith imeachtaí trí Ghaeilge é Cogar ata maoinithe ag Ealaín na Gaeltachta Scéim Forbartha na nEalaíon.

I measc na healaíontóirí a bheidh páirteach; Muireann Nic Amhlaoidh, Walking On Cars, Dairena Ní Chinnéide, Méabh Ní Bheaglaíoch, Kneecap, Ciara Ní É, Deirdre Nic Gineá, Gabriel Rosenstock agus Séamus Barra Ó Súilleabháin. Tá roinnt don saothar a chruthaíodh don togra á fhóbairt mar leabhar anois i gcomhar le Ponc Press.



Luach Saothair don Ealaíontóir

Beartas é seo de chuid na Comhairle Ealaíon maidir le luach saothair agus conraitheoireacht atá cóir agus cothrom d'ealaíontóirí

Léigh anseo é: [LUACH SAOTHAIR DON EALAÍONTÓIR.](#)

Scéim Cothú 2020

Spríocdháta: 9 Márta 2020

Scéim na bhFéilte Ealaíona 2020

Spriocdháta: 9 Márta 2020


Scéim Forbartha na nEalaíon 2020

Spriocdháta leanúnach

Scéim Síol: (uasmhéid maoinithe €1,000).

Spriocdháta leanúnach

Tá gach eolas ar scéimeanna Ealaín na Gaeltachta, an critéar a théann leo, foirm iarratais srl. le fáil óna hÁisitheoirí Ealaíona. (Sonraí eolais ar an leathanach deireanach)



Deiseanna Eile

An Chomhairle Ealaíon

Coinnigh do shúil amach do Scéimeanna
Maoinaithe an Chomhairle Ealaíona ag an nasc thíos.

www.artscouncil.ie



- Dámhachtain taistil agus oiliúna
Spriocdháta leanúnach

- Scéim na scríbhneoirí sna scoileanna
Spriocdháta leanúnach

Scéimeanna atá le hoscailt an mhí seo:

- Maoiniú Deontais do na hEalaíona
Spriocdháta 12 Márta 2020

- Scoileanna Ildánacha
Spriocdháta 19 Márta 2020

- Scéim na nealaíontóirí sa phobal
Acmhainní agus eolas ar fáil ó Create: www.create-ireland.ie/
Spriocdháta 30 Márta 2020



- Scéim Chónaitheachta dEalaíontóir Téatair
Spriocdháta 09 Aibreán 2020

- Dámhachtain Coimisiún sa Cheol
Spriocdháta 30 Aibreán 2020

Éigse Éireann

Deiseanna do Scríbhneoirí ó Éigse Éireann. Breis eolais
le fáil ag <https://www.poetryireland.ie/writers/opportunities>



TULCA

Fógraíonn Féile na nEalaíon TULCA sonraí ar a nglaoch osailte
2020 leis an gcoimeádaíocht ag Sarah Browne. www.tulca.ie

Ná deanaigí dearmad teagmháil a dhéanamh linn ag
ealain@udaras.ie má tá aon bhlúirín eolais agaibh ar mhaith
libh a fhógairt nó má tá aon chomhairle uait maidir le
tionscnamh ealaíne a fhorbairt sa Ghaeltacht



Eolas Fúinn



Micheál Ó Fearraigh
Feidhmeannach Forbartha Ealaíne
r/p: m.fearraigh@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Muireann Ní Dhroighneáin
Áisitheoir Ealaíona Connacht & Co. na Mí
r/p: m.nidhroighneain@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100




Rachel Holstead
Áisitheoir Ealaíona Mumhan
r/p: r.holstead@udaras.ie
t: +353 (0)66-9150100



Danielle Nic Pháidín
Áisitheoir Ealaíona Thír Chonaill
r/p: d.nicphaidin@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Elaine Scahill
Comhordaitheoir sna hEalaíona Dúchasacha don Óige
r/p: e.scahill@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100



Anna Ní Fhlátharta
Riarthóir ar Chlár sna hEalaíona Dúchasacha don Óige
r/p: a.nifhlatharta@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100

